

# RÁITEAS DEIREADH BLIANA



# 2019

- 593 post nua cruthaithe in 2019
- An leibhéal is airde fostaíochta i gcliantchomhlachtaí le 11 bliain
- Glanmhéadú de 219 post lánaimseartha in 2019 – dúbailt ó fhigiúr na bliana anuraidh nach mór
- 7,844 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí ag deireadh na bliana
- An líon fostaíochta is mó i nGaeltacht na Gaillimhe & i nGaeltacht Phort Láirge i stair an Údaráis
- 480 post nua ceadaithe i dtograí ina mbeidh infheistíocht de €33m
- Údarás chun cinn ar sprioc 1,500 post nua a cheadú idir 2018–2020
- 16 Plean teanga ceadaithe le buiséad de €2.2m
- Dúbailt ar an líon gteic, Gréasán Digiteach na Gaeltachta

## Súil Siar ar 2019

Cruthaíodh 593 post nua lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta i 2019. Bhí glanmhéadú ann de 219 post lánaimseartha ar an mbliain roimhe sin, rud a chiallaíonn go raibh 7,844 post lánaimseartha agus 523 post páirtaimseartha i gcomhlachtaí a fuair tacaíocht ón Údarás ag deireadh na bliana. Léiríonn na figiúirí seo an leibhéal is airde fostaíochta i gcliantchomhlachtaí ó bhí 2008 ann, leis an leibhéal is airde fostaíochta i nGaeltacht na Gaillimhe agus i nGaeltacht Phort Láirge ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980. Tá ardú leanúnach bliantúil tagtha ar an mbonn fostaíochta sa Ghaeltacht le seacht mbliana anuas agus comhlachtaí Gaeltachta ag cur lena gcuid seasmhachta.

Tá an tÚdarás chun cinn ar an sprioc atá leagtha roimhe 1,500 post nua a cheadú le linn thréimhse feidhme Plean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta 2018-2020, le 1,005 post nua cruthaithe agus dhá thrian den thréimhse caite.

Rinneadh dul chun cinn mór sa phróiseas pleanála teanga sa Ghaeltacht, le 11 Oifigeach Pleanála Teanga fostaíthe agus pleananna teanga á gcur i bhfeidhm acu ina gceantair féin, chomh maith le beirt Oifigeach Cúnta. Faoi dheireadh 2019, bhí pleananna teanga ceadaithe do 16 Limistéar Pleanála Teanga, agus infheistíocht de €2.2 milliún ceadaithe d'fheidhmiú na bpleananna sin.

## Dearcadh i dtreo 2020

Agus Údarás na Gaeltachta ag tabhairt aghaidh ar chloch mhíle shuntasach an dá scór bliain i 2020, tá an eagraíocht ag breathnú chun cinn go straitéiseach i gcomhthéacs na n-athruithe móra atá tagtha ar shochaí agus ar eacnamaíocht na Gaeltachta, agus an domhain mhóir go deimhin, i gcaitheamh an ama sin. Tá ról an Údaráis i 2020 i bhfad níos leithne ná mar a bhí nuair a bunaíodh an eagraíocht i 1980, agus cúraimí pleanála teanga, forbartha pobail agus go leor eile sa bhreis ar an dá ghné ba mhó a aithníodh leis an Údarás nuair a bunaíodh i dtosach é: fostaíocht agus maoin.

Ag breathnú chun cinn ar an gcéad 40 bliain eile atá amach roimh Údarás na Gaeltachta, tá agus beidh nuálaíocht agus inmharthanacht fite fuaite i ngach a ndéanann muid. Tá sé seo le feiceáil cheana féin sna bunchlocha atá leagtha againn inár gcur chuige i leith phleanáil teanga, fiontraíocht, turasóireacht, cúrsaí mara, fuinneamh in-athnuaite agus forbairt pobail. Beidh sé le feiceáil níos soiléire fós i 2020 agus muid ag tógáil ar an méid atá bainte amach i leith réimsí ar nós Páirc na Mara, an eacnamaíocht shóisialta, an earnáil chruthaitheachta, an gréasán gteic agus i gcur chun cinn na Gaeilge sa Ghaeltacht.



“Tá muid thar a bheith sásta leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur i bhfeidhm straitéis Údarás na Gaeltachta le linn 2019. Tá fáilte ar leith againn roimh an méadú suntasach atá tagtha ar an leibhéal fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta agus an dul chun cinn atá déanta leis an bpróiseas Pleanála Teanga ar fud na Gaeltachta. Tá muid thar a bheith buíoch do na comhlachtaí

atá lonnaithe sa Ghaeltacht, do na pobail sna ceantair Ghaeltachta éagsúla agus do na heagrais Stáit atá ag obair i gcomhpháirtíocht linn as ucht a gcuid tacaíochta. Tá mé féin, mar Phríomhfheidhmeannach, thar a bheith buíoch d’fhoireann agus do bhord Údarás na Gaeltachta as ucht a ndúthracht agus a gcuid tacaíochta agus cuspóirí na heagraíochta á gcur i gcrích.”

Príomhfheidhmeannach  
Údarás na Gaeltachta,  
**Micheál Ó hÉanaigh**



“Tá an líon is mó daoine fostaithe i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta le haon bhliain déag, agus tá an síol á chur chun tógáil air sin le gréasán mhoil dhigiteacha gteic, a chuireann an t-infreastruchtúr ar fáil don chéad ghlúin eile lena gcuid smaointe féin a fhorbairt mar ghnóanna. Tá ocht gteic anois ar an fhód, ardú 50% ar an mhéid a bhí ar bun i 2018, agus tuilleadh ar an bhealach go luath i 2020.

“Tá forbairt mhór déanta le bliain anuas fosta ar an phleanáil teanga agus tionchar dearfach na hoibre sin le feiceáil anois ar fud na Gaeltachta. Chuir pobail na Gaeltachta obair mhór isteach in ullmhú pleananna dá gcuid ceantar féin agus tá toradh le feiceáil ar an obair sin anois, le grúpa fuinniúil, díograiseach d’Oifigigh Pleanála Teanga á bhfostú chun na pleananna sin a chur i gcrích.”



Cathaoirleach  
Údarás na Gaeltachta,  
**Anna Ní Ghallachair**

## Fostaíocht sa Gaeltacht

Tá méadú leanúnach tagtha ar chúrsaí fostaíochta i gcomhlachtaí Gaeltachta a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta le seacht mbliana anuas, agus ardú 12% tagtha ar an bhfostaíocht iomlán sa tréimhse sin. Tá sé suntasach go bhfuil figiúirí fostaíochta i gcliantchomhlachtaí Údarás na Gaeltachta anois ag an leibhéal is airde le 11 bliain. Ina theannta sin, tá an leibhéal fostaíochta i nGaeltacht na Gaillimhe agus i nGaeltacht Phort Láirge ag an leibhéal is airde ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980.

Ní i nGaillimh agus i bPort Láirge amháin atá dea-scéal le tuairisciú, áfach. Tá an leibhéal fostaíochta i nGaeltacht Dhún na nGall ag an leibhéal is airde ó 2008. Le 695 post, tá fostaíocht i nGaeltacht Chiarraí ag an leibhéal is airde ó 2013. Ní raibh

figiúirí fostaíochta chomh hard i Maigh Eo le ceithre bliana. Don dara bliain as a chéile, tá ardú tagtha ar fhostaíocht i gcliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis i nGaeltacht na Mí. Cé gur fhan figiúirí fostaíochta mar a chéile i nGaeltacht Chorcaí le 699 post, tá ardú 21% tagtha ar fhostaíocht ann le sé bliana.

Ba iad na hearnálacha Seirbhísí agus Bia & Dí mar aon le Déantúsaíocht a léirigh na méaduithe fostaíochta is mó i rith na bliana.

Tá tionchar suntasach eacnamaíoch ag cliantchomhlachtaí an Údaráis ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre. De réir thaighde ABSEI a rinneadh i 2019, meastar go raibh díolachán iomlán de €844m ag na cliantchomhlachtaí an bhliain roimhe sin chomh maith le caiteachas díreach de €430m i ngeilleagar na hÉireann. Léiríonn na figiúirí seo go bhfuil luach maith á fháil ar infheistíocht an Stáit sa





## 480 post nua ceadaithe don Gaeltacht i 2019

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua ina gcruthófar 480 post agus ina ndéanfar infheistíocht iomlán mheasta de €33 milliún de réir mar a dhéantar forbairt orthu sna blianta beaga amach romhainn. Is do thograí i gContaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe, Chorcaí agus Mhaigh Eo is mó a ceadaíodh poist i rith 2019. Tá sé le tabhairt faoi deara gur comhlachtaí sna hearnálacha táirgí sláinte, bia, seirbhísí agus saindéantúsaíochta is mó atá ag dul i mbun forbartha.

## Tionchar eacnamaíoch chliantchomhlachtaí an Údaráis

Tá tionchar suntasach ag cliantchomhlachtaí an Údaráis ar gheilleagar na Gaeltachta agus na tíre. De réir thaighde ABSEI a rinneadh i 2019, rinne cliantchomhlachtaí an Údaráis a bhfuil deichniúr nó níos mó fostaithe iontu €430 milliún de chaiteachas díreach i ngeilleagar na hÉireann ar phárolla, ar sheirbhísí agus ar cheannach ábhar i 2018. D'íoc siad €189 milliún san iomlán ar phárolla. As an €143 milliún a chaith siad ar sheirbhísí, caitheadh €89 milliún, nó 62.3% den chaiteachas iomlán, ar sheirbhísí lonnaithe in Éirinn. Is ionann é sin, de réir fhigiúirí ABSEI 2019, agus ardú 10% ar an gcaiteachas ar sheirbhísí lonnaithe in Éirinn i 2017.

Léiríonn an taighde céanna go raibh díolachán iomlán de €844 milliún ag na cliantchomhlachtaí seo sa bhliain 2018. Cúrsaí easpórtála a bhí i gceist le €499 milliún den díolachán agus tháinig méadú suntasach ar líon na n-easpórtálacha chuig an Áis agus méadú beag ar líon na n-easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe.

Ghaeltacht.

## Gníomhaíochtaí Pleanála Teanga

Bliain mhór a bhí i 2019 ó thaobh na pleanála teanga de agus pobail na Gaeltachta ag feiceáil tús á chur le hobair na bpleananna teanga a ceadaíodh dá Limistéir Phleanála Teanga (LPT) sonracha féin.

Faoi dheireadh na bliana, bhí 16 plean teanga ceadaithe ag an Aire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Seán Kyne. Anuas air sin, bhí trí phlean eile ullmhaithe ag Rannóg Pleanála Teanga an Údaráis i gcomhar leis na coistí pleanála teanga cuí, agus iad curtha faoi bhráid na Roinne Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta. B'iad sin pleananna LPT na Rosann i nDún na nGall, Maigh Cuilinn i gCo. na Gaillimhe agus Daingean Uí Chúis atá ag féidhmiú mar Bhaile Seirbhíse Gaeltachta.

Agus pleananna teanga anois á gcur i bhfeidhm fud fad na Gaeltachta, bhí 11 Oifigeach Pleanála Teanga ceaptha faoi dheireadh 2019, chomh maith le beirt Oifigeach Pleanála Teanga Cúnta agus próiseas earcaíochta ar siúl in 4 LPT. Cuireadh buiséad de €2.2milliún ar fáil d'fheidhmiú na pleanála teanga. Chomh maith le sraith ceardlann oiliúna a chuir Údarás na Gaeltachta ar fáil mar thacaíocht do na hOifigigh Pleanála Teanga, tugadh cuireadh dóibh bualadh leis an Taoiseach, Leo Varadkar, i dTithe an Rialtais i dteannta an Aire Stáit, Seán Kyne, le haitheantas a

thabhairt dá gcuid oibre.

## Athbhreithniú Straitéiseach ar Fhorbairt Pobail

Tá eagrais forbartha pobail na Gaeltachta lárnach i bhforbairt na Gaeltachta agus i gcur i bhfeidhm straitéis Údarás na Gaeltachta. Rinne an tÚdarás 33 eagrais forbartha pobail a mhaoiniú i 2019. Bhí na heagrais forbartha, idir chomharchumainn agus chomhlachtaí pobalbhunaithe, lárnach i dtograí turasóireachta, pleanáil teanga, fuinneamh inathnuaite agus an gréasán gteic, i measc tograí eile.

Ina theannta sin, bhunaigh an tÚdarás Aonad Forbartha Pobail i 2019, aonad atá dírithe ar chúnamh agus ar thacaíocht a chur ar fáil do na heagrais forbartha pobail chun cuidiú leo a gcuid spriocanna forbartha ar mhaithe le pobal na Gaeltachta a bhaint amach. Beidh an tAonad ag obair go díreach le comharchumainn agus comhlachtaí pobalbhunaithe maidir le tacaíochtaí éagsúla a chur ar fáil d'fhoirne agus do choistí na n-eagrais araon, agus oibriú i gcomhar leo i dtreo múnla forbartha pobail eiseamláireach a fhorbairt sa Ghaeltacht.

Mar chuid den obair seo, tá an tÚdarás ag tabhairt faoi athbhreithniú straitéiseach ar chúrsaí forbartha pobail, chun bunchloch láidir a leagan faoi cheann de na gréasáin is tábhachtaí i sochaí na Gaeltachta, agus an gréasán is ceannródaíche go náisiúnta ó thaobh forbairt tuaithe de.







## **gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta**

Tháinig dúbailt i 2019 ar an líon ionad gteic a bhí oscailte faoi dheireadh na bliana. Tá ocht mol digiteach ag feidhmiú anois i gcúig chontae Gaeltachta, agus 193 duine ag obair iontu:

Gaoth Dobhair i gContae Dhún na nGall  
Béal an Mhuirthead i gContae Mhaigh Eo  
Carna, An Cheathrú Rua, Na Forbacha agus an Spidéal i gContae na Gaillimhe  
Béal Átha an Ghaorthaidh i gContae Chorcaí  
Daingean Uí Chúis (Mol Teic/Dingle Hub) i gContae

Chiarraí

Eatarthu, tá breis agus 250 spás deisce forbartha, le 500 spás deisce le bheith ar fáil i 2020.

Go dtí seo, tá infheistíocht de bhreis agus €5 milliún déanta sa ghréasán gteic, agus aghaidh á thabhairt ar thodhchaí an ghréasáin trí chlár forbartha oiliúna a chur ar fáil do bhainisteoirí agus úsáideoirí na n-ionad gteic mar aon le clár margaíochta a chur i bhfeidhm don ghréasán chun líon na n-úsáideoirí a ardú agus deiseanna comhpháirtíochta a fhorbairt.



## Páirc na Mara

Rinne Údarás na Gaeltachta dul chun cinn suntasach i dtaobh an phróisis phleanála do Pháirc na Mara i 2019. Foilsíodh Tuarascáil Scóipe maidir leis na Measúnaithe Tionchar Timpeallachta chun deis a thabhairt don phobal an tuarascáil a scrúdú agus tuairimí a thabhairt maidir leis an méid atá beartaithe. Is é an Tuarascáil Scóipe an chéad chéim in ullmhú na Tuarascála ar an Measúnacht Tionchair Timpeallachta a bheidh mar chuid lárnach den iarratas pleanála don togra. Tá sé i gceist anois go mbeidh iarratas ar phleanáil déanta roimh dheireadh an chéad ráithe de 2020.

Go dáta, tá 26 léiriú spéise faighte ón earnáil phríobháideach maidir le tograí a lonnú ar Pháirc na Mara, i réimsí ar nós táirgí cógaisíochta, fuinneamh agus innealtóireacht, táirgí feamainne agus micrea-algaí.

I measc na n-imeachtaí a d'éagraigh an tÚdarás i gceantar Iorras Aithneach a bhí bainteach le Páirc na Mara, bhí Lá Mara 2019 agus Lá Fuinnimh don Phobal. Cuireadh gnéithe a bhain le Páirc na Mara, ar nós bia agus táirgí farraige eile, tograí mara agus fuinneamh inathnuaite, os comhair an tslua shuntasáigh a d'fhreastail ar na himeachtaí.

## Turasóireacht

Bliain rathúil a bhí ann don turasóireacht Ghaeltachta i 2019 agus forbairtí go leor curtha i gcrích chun an Ghaeltacht mar cheann scríbe uathúil, a bhfuil an teanga agus a cultúr mar phríomhghnéithe tarraingteacha, a chur chun cinn. I dtreo dheireadh na bliana d'fhógair an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail go raibh maoiniú caipitil de €1.87m curtha ar fáil d'Údarás na Gaeltachta chun mol suntasach turasóireachta a fhorbairt ar an Eachléim i nGaeltacht Mhaigh Eo. Beidh 'Áras Scéalta an Atlantaigh' mar phríomhionad treoraithe ag cuairteoirí ar Leithinis Iorrais i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh, áit a bhfaighidh siad gach eolas ar oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha an cheantair. Tá costas de €2.5m in iomlán luaite leis an togra.

Anuas air sin, rinneadh earcú i 2019 ar 11 oifigeach turasóireachta faoin scéim forbartha turasóireachta chun bheith ag obair ar thograí turasóireachta pobalbhunaithe ó Chiarraí go Dún na nGall. Chuir na hoifigigh turasóireachta seo tús le teastas i mBainistíocht na Turasóireachta i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Thrá Lí.

I measc na dtograí turasóireachta eile a forbraíodh i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta i 2019, bhí an tIonad Oidhreacht & Feamainne i Leitir Meallán Co. na Gaillimhe, Sliabh Liag agus Teach Solais Fhanada i gCo. Dhún na nGall.

Rinne an tÚdarás go leor forbartha freisin ar an earnáil turasóireachta i gConamara agus turasóirí agus soláthróirí seirbhísí turasóireachta á mealladh chuig conamara.ie faoi stiúir Cósta Gaelach Chonamara agus Árann.

## Diaspóra na Gaeltachta

Is í an aidhm atá ag straitéis Diaspóra na Gaeltachta ná ceangal a chothú le pobal na Gaeltachta atá ar imirce thar lear nó scaipthe ar fud na hÉireann. Táthar ag súil gur féidir ceangal leanúnach a dhéanamh leis an bpobal seo chun na deiseanna fostaíochta, maireachtála, sóisialta, teanga agus cultúir atá ar fáil sna ceantair Ghaeltachta a chur ar a súile dóibh chomh maith le gach eolas, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh ar an rogha aistriú abhaile. I 2019, d'fhoilsigh Údarás na Gaeltachta an nuachtlitr *Cairde na Gaeltachta* atá dírithe ar an diaspóra Gaeltachta agus a bhfuil breis is 400 duine liostáilte dó. Tugtar deis sa nuachtlitr súil a chaitheamh ar shaol comhaimseartha na Gaeltachta agus ar scéalta sainiúla an diaspóra i ngach eagrán. Tríd an nuachtlitr tá teagmháil déanta le coistí agus eagraíochtaí éagsúla Gaeltachta i Londain, Memphis, Bostún, Páras, Melbourne, Sydney agus Taiwan.

Bhí Údarás na Gaeltachta páirteach i gceiliúradh Lá Fhéile Pádraig le Gaeil Bhostúin i 2019, áit a cuireadh an ócáid "Ireland's Gaeltacht Experience" ar siúl don phobal i mBostún Theas. Fuair siad blaiseadh de cheol, dhamhsa agus theanga na Gaeltachta ag an ócáid. Ag éirí as seo rinneadh nasc le leabharlann Bhostún Theas agus i mí na Samhna 2019 bhronn Údarás na Gaeltachta cnuasach leabhar Gaeilge ar an Leabharlann, áit a mbeidh cúinne Gaeltachta ar fáil do phobal diaspóra Gaeltachta Bhostúin.

Láidriugh an tÚdarás an ceangal le diaspóra na Gaeltachta i gCleveland, Philadelphia, Chicago agus Los Angeles sna Stáit Aontaithe, chomh maith le neartú a dhéanamh ar an ngaol gairid trádála agus cultúrtha idir an Ghaeltacht agus Albain.

Anuas air seo ar fad, tá feachtas ar bun ar na meáin shóisialta agus leas á baint as an aischlib #diasporagaeltachta. Cuirtear eolas amach do bhaill de chuid an diaspóra Gaeltachta maidir le haistriú abhaile mar aon le deiseanna oibre sa Ghaeltacht agus eile.

## Tascfhórsaí agus Fóraim

Rinneadh trí phlean a bhí dírithe ar fhorbairt a dhéanamh ar cheantair shonracha atá faoi stiúir Údarás na Gaeltachta a sheoladh i 2019.

I mí Eanáir, seoladh agus cuireadh tús le feidhmiú Plean Gníomhaíochta 5 Bliana d'Iorras Aithneach, plean a d'eascair as teacht le chéile idir pobal an cheantair agus Údarás na Gaeltachta le féachaint ar na deiseanna a bhí ann cur le fostaíocht, turasóireacht agus seirbhísí, i measc gnéithe eile.

Rinneadh Plean Gníomhaíochta Thascfhórsa Uíbh Ráthaigh a sheoladh i mí Iúil, plean atá faoi stiúir an Údaráis agus a bhfuil leagtha roimhe forbairt na fiontraíochta agus deiseanna fostaíochta a mhéadú agus an leas is fearr a bhaint as na hacmhainní ar fad atá sna ceantair sin.

Rinneadh tuairisc Fhóram Fiontraíochta Ghaeltacht na Mí a fhoilsiú i mí na Nollag, agus i measc na scipricanna atá ann, ta sé i gceist fócas nua a chur ar na deiseanna forbartha fiontraíochta atá sa cheantar seo agus leas a bhaint as a ghaireacht do Bhaile Átha Cliath.

## Oiliúint

### **Clár na gComhlachtaí - Cruthú na Fiontraíochta i measc ghlúin óg na Gaeltachta**

Ghlac 780 fiontraí óg i 22 scoil ar fad, i gContaetha Dhún na nGall, na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Chiarraí, Chorcaí, Phort Láirge agus na Mí páirt i gClár na gComhlachtaí atá á riar ag Junior Achievement Ireland (JAI). Is é atá mar chuspóir leis an gclár seo ná

spiorad na fiontraíochta a chothú i measc ghlúin óg na Gaeltachta. Eagraíodh babhtáí réigiúnacha ó thuaidh, ó dheas agus san iarthar, agus chuaigh na buaiteoirí ar aghaidh le páirt a ghlacadh sna babhtáí náisiúnta a tionóladh sa Ghaillimh. Chuaigh an togra a bhain an chéad áit “Sábháil ár nAigéan”, ó Choláiste Cholmcille in Indreabhán, ar aghaidh chuig Craobh na hEorpa a bhí ar siúl sa Fhrainc i gcaitheamh an tsamhraidh.

### **Scéim Scoláireachta do Phrintísigh**

D'éirigh le beirt printíseach óg ón nGaeltacht áit a bhaint amach sna Comórtais Domhanda d'Ábhar Printísigh “Worldskills” a eagraíodh sa Rúis i mí Lúnasa. Nuair a chríochnaigh Jeaic Ó Dómhnaill a chuid scolaíochta thug sé faoi thréimhse phrintíseachta ceithre bliana le Terence Mac Donncha as an Tulach a bhfuil gnó pluiméireachta aige. Bhain Pádraig Ó Tuama a cháilíochtaí mar Oibrí Miotail amach le cliantchomhlacht de chuid an Údaráis, Innealtóireacht Uí Loingsigh i gCúil Aodha. Bhí an bheirt ar scéim scoláireachta printíseachta le hÚdarás na Gaeltachta i gcaitheamh an ama. Is léiriú a ngradam ar chaighdeán oibre na gcomhlachtaí ina raibh siad fostaíthe, chomh maith lena ndíograis féin agus iad i mbun foghlama.

## **Comhpháirtíocht le TG4**

Cuireadh tús le clár forbartha oiliúna nua sna Meáin Dhigiteacha, le TG4 agus leis an earnáil léirithe neamhspleách le dul i ngleic le bearnaí cumais mar a bhí curtha in iúl ag na comhlachtaí neamhspleácha féin. Tríd an scéim seo tá oifigeach faoi oiliúint fostaithe i ndeich gcomhlacht a sholáthraíonn ábhar léirithe do TG4. Is bunaithe ar riachtanais scile gach comhlacht ar leith atá an tOifigeach faoi oiliúint ceaptha, i réimse sainscile m.sh. stiúrthóireacht/léiritheoireacht/taighde, &rl. Beidh Dámhachtain Speisialta Dearbhú Cáilíochta & Cailíochtaí Éireann Leibhéal 8 le bronnadh ó IT na Gaillimhe/Mhaigh Eo ar na rannpháirtithe.

## **Cúrsaí Tríú Leibhéal**

Cuireadh tús le cúrsa nua le IT Thrá Lí agus IT Leitir Ceanainn le freastal ar riachtanais oiliúna in earnáil na turasóireachta. Tá an cúrsa seo á sheachadadh trí cheardlann dheireadh seachtaine agus ar líne do rannpháirtithe. Tá an cúrsa deartha go speisialta le freastal orthu siúd ar fud na gceantar Gaeltachta atá ag obair le tograí turasóireachta straitéiseacha a fhorbairt.

Bronnfar Dámhachtain Speisialta Dearbhú Cáilíochta & Cailíochtaí Éireann Leibhéal 8 ar na rannpháirtithe. Leanadh le maoiniú an Ard-Diplóma i nGaeilge Fheidhmeach agus Aistriúchán (Dearbhú Cáilíochta & Cáilíochtaí Éireann Leibhéal 8)/MSc (Dearbhú Cáilíochta & Cáilíochtaí Éireann Leibhéal 9) atá á riar ag Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe Mhaigh Eo i gcomhpháirt leis an gcomhlacht aistriúcháin Gaeltachta Europus. Leanadh leis an maoiniú don chúrsa Ard-Diplóma i Léiriú Teilifíse agus na Meán Digiteach (Dearbhú Cáilíochta & Cáilíochtaí Éireann Leibhéal 8) le hInstitiúid Phort Láirge i gcomhar leis an gcomhlacht léirithe teilifíse Gaeltachta, Nemeton.





## Cistí & Maoiniú Seachtrach

D'aimsigh Údarás na Gaeltachta maoiniú seachtrach gur fiú €6,720,122 i 2019, le luach infheistíochta iomlán de €9,150,363 ó chistí seachtracha anseo in Éirinn agus ó fhoinsí maoinithe eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Aithníonn an tÚdarás an tábhacht a bhaineann le hacmhainní airgid atá sa bhreis ar ollsholáthar an státchiste atá curtha ar fáil chun infheistíocht a dhéanamh ar thograí agus ar thionscnaimh forbartha straitéiseacha. Aimsíodh maoiniú de €4,723,299 ón gCiste Athnuachan Forbartha Tuaithe do thograí caipitil agus d'fhorbairt ionaid gteic i nGaoth Dobhair, sa Spidéal agus i Maigh Eo mar aon le Áras Scéalta an Atlantaigh i nGaeltacht Iorrais Mhaigh Eo, a gcuirfear tús leis i 2020. Chuir an ciste céanna maoiniú de €984,351 ar fáil do thograí straitéiseacha de chuid an Údaráis a chuirfidh ar a chumas iarratais a dhéanamh ar mhaoiniú caipitil do thograí forbartha ar Sheanospidéal an Daingin, ar Choláiste Íosagáin i mBaile Bhuirne, Ionad Forbartha Bhaile an Fheirtéaraigh mar aon le feidhmiú Phlean Straitéiseach Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh, ó chistí maoinithe eile de chuid an Stáit, maoiniú Fháilte Éireann agus an Chiste Athnuachan Forbartha Tuaithe san áireamh. Tá €1,012,472 aimsithe in 2019 ó chistí maoinithe de chuid an AE do thograí a fhéachfaidh le tograí i réimse an fhuinnimh inathnuaite a fhorbairt, i réimse na forbartha fiontraíochta agus na seirbhísí digiteacha, clár forbartha i réimse na pleanála agus an taighde d'earnáil na mara a chur i gcrích, mar aon le clár forbartha i réimse na pleanála teanga. Fágann sé sin ag deireadh 2019 go bhfuil tograí Eorapacha de luach €1,745,317 le luach infheistíochta de €2,419,351 á láimhseáil ag Údarás na Gaeltachta.

## Os cionn 1000 rannpháirtí ar Scéimeanna Sóisialta Fostaíochta

Déanann Údarás na Gaeltachta bainistiú ar scéimeanna fostaíochta sóisialta (Scéim Fostaíochta Pobail, Scéim Shóisialta Tuaithe & Scéim TÚS), atá maoinithe ag an Roinn Coimirce Sóisialaí, a bhfuil ról agus tionchar tábhachtach acu agus taithí oibre agus oiliúint á gcur ar fáil do phobal na Gaeltachta. Tá 1,032 rannpháirtí agus 49 saoise fostaithe ar fud na Gaeltachta dá réir sin, agus i 2019 cuireadh tús le cur chuige nua straitéiseach maidir le hobair na n-eagras forbartha pobail sa Ghaeltacht agus na Scéimeanna Sóisialta Fostaíochta féin.

## Tograí Eorpacha

D'éirigh le hÚdarás na Gaeltachta, faoi stiúir na Rannóige Taighde agus Forbairt Earnála, maoiniú ar fiú €2.38 milliún a aimsiú ó chistí Eorpacha chun cabhrú leis an eagraíocht tograí a mhaoiniú chun a straitéis forbartha agus infheistíochta a chur i bhfeidhm. Tá na tograí seo comhaoinithe ag INTERREG agus Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa tríd an gClár Forimeall Thuaidh agus Artach, Clár Limistéar an Atlantaigh agus Clár Iarthuaisceart na hEorpa chomh maith le Horizon 2020 agus Erasmus+.

Faoi láthair, tá an tÚdarás páirteach i dtograí a bhaineann le fuinnimh in-athnuaite, an geilleagar gorm, scileanna nuálaíochta digiteacha agus gréasán foghlama do dhaoine atá ag plé le mionteangacha a fhorbairt. Tá na tograí ceangailte le páirtneirí san Eoraip, institiúidí tríú leibhéal ina measc, áit a bhfuil taighde agus nuálaíocht á gcur i gcrích sna tograí. Tógann an nasc seo le páirtneirí éagsúla Eorpacha ar an gcomhpháirtíocht atá á cruthú ag an Údarás idir na forais léinn agus taighde, na heagrais forbartha mar aon le comhlachtaí agus infheisteoirí príobháideacha sna ceantair Ghaeltachta.


Tá na tograí Eorpacha atá beartaithe fíorthairbheach do cheantair na Gaeltachta agus tacóidh siad le cumasú na bpobal ar chúrsaí fuinnimh inathnuaite, athrú aeráide, acmhainn bia mara agus acmhainní fuinnimh. Tá na tograí Eorpacha **LECo**, **RegEnergy** agus **REACT** ag plé le fuinnimh in-athnuaite. Baineann **SAFER**, **Access2Sea**, **SW-GROW** agus **EMPORIA4KT** le tograí breisluacha mara agus an geilleagar gorm. Is í an aidhm atá le togra **Digi2Market** ná úsáid a bhaint as teicneolaíocht thumthach le caoga comhlacht trasna na páirtíochta chun cuidiú leo a gcuid margaíochta agus díolacháin a fhorbairt taobh amuigh dá réigiúin féin. Tá **ERASMUS+** dírithe ar thíortha dátheangacha agus ar mhúineadh na mionteangacha sna tíortha sin. Lean Údarás na Gaeltachta i 2019 lena mballraíocht i gComhthionól na Reigiún Eorpach, agus rinne cur i láthair ar dheiseanna agus ar dhúshláin na Gaeltachta ag leibhéal Eorpach.





## Branda – Gaeltacht na hÉireann

Tá Branda na Gaeltachta forbartha chun gur féidir ceantair Ghaeltachta na tíre agus a dtáirgí a chur chun cinn ar fud an domhain faoi aon bhratach amháin. Cuireadh pacáistí margaíochta le chéile i 2019 a dhéanann cur síos ar an mbranda agus ar an bhfiúntas a bhaineann leis, chomh maith le samplaí den chaoi ar féidir leas a bhaint as an mbranda ar tháirgí, ar ábhar bolscaireachta agus ar na meáin shóisialta. Tá an branda in úsáid ag fochuideachtaí an Údaráis agus ag eagrais phobalbhunaithe, agus tá méadú ag teacht ar an líon cliantchomhlachtaí atá ag baint leasa as. Úsáideann Údarás na Gaeltachta an branda mar chuid den togra Diaspóra na Gaeltachta chomh maith, agus é lárnach ar bhróisiúir, ócáidí agus nuachtlitir an diaspóra, chun an branda a chur chun cinn i measc an phobail dhomhanda.





## Dúshláin an Bhreathimeachta agus polasaithe idirnáisiúnta

Agus cúrsaí Breathimeachta fós gan réiteach ag deireadh 2019, tá éiginnteacht go fóill faoin tionchar a bheidh ag cibé socrú trádála a bheidh idir an Ríocht Aontaithe agus an tAontas Eorpach. I gcomhthéacs na héiginnteachta, lean Údarás na Gaeltachta ag ullmhú agus ag tacú lena gcuid cliantchomhlachtaí maidir leis an mBreathimeacht le cruinnithe leanúnacha leo le trí bliana anuas. Tá na cliantchomhlachtaí tar éis obair go leor a chur i straitéisí nua a fhorbairt agus chuir an tÚdarás tacaíocht ar fáil dóibh ó thaobh deontas agus comhairleoireachta de. D'eagraigh an tÚdarás seimineáir ghnó le linn na bliana agus béim shonrach á cur ar na scileanna agus ar an saineolas atá ag teastáil ó lucht bainistíochta na gcliantchomhlachtaí le feidhmiú i rith thréimhse éiginnteachta an Bhreathimeachta.

Léiríonn taighde le ABSEI, a rinneadh i 2019, gur easpórtáil cliantchomhlachtaí de chuid an Údaráis €499 milliún den €844 milliún díolachán a baineadh amach i 2018, agus gur tháinig méadú suntasach ar líon na n-easpórtálacha chuig an Áis agus méadú beag ar líon na n-easpórtálacha chuig an Ríocht Aontaithe.





## Fochuideachtaí agus Eile

### *Ealaín na Gaeltachta*

Déanann Údarás na Gaeltachta agus An Chomhairle Ealaíon cómhaoiniú ar chlár forbartha agus cothaithe na n-ealaíon traidisiúnta agus comhaimseartha tríd an bhfochuideachta Ealaín (na Gaeltachta) Teo. I measc na tograí a thug Ealaín na Gaeltachta faoi in 2019, bhí Scéim Forbartha na nEalaíon, dírithe ar thograí nua ealaíona a spreagadh i measc pobal na Gaeltachta. Déanadh infheistíocht i seacht n-ionad/eagras ealaíon straitéiseach tríd Scéim Cothú, agus chuidigh Scéim na bhFéilte le pobal na Gaeltachta oidhreacht agus cultúr na Gaeltachta a cheiliúradh.

Rinneadh dul chun cinn suntasach I gcur i bhfeidhm clár na hEalaíon Dúchasach don Óige sa Ghaeltacht i 2019 agus i mí Dheireadh Fómhair, chuir an tÚdarás agus Ealaín na Gaeltachta fáilte roimh mhaoiniú de €1.275m thar trí bliana ón Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta le leanúint leis an chlár.

### *Muintearas Teo.*

Fochomhlacht de chuid Údarás na Gaeltachta is ea Muintearas Teo. atá á mhaoiniú chun cuspóirí áirithe forbartha oideachais, teanga, óige agus pobail a bhaint amach. Cuireann Muintearas Teo. béim den chuid is mó ar mhaolú ar an míbhuntáiste sa soláthar oideachais/oiliúna Gaeltachta, ar chothromaíocht deiseanna a bhaint amach don Ghaeltacht agus ar an nGaeilge mar mheán teagaisc san oideachas Gaeltachta a threisiú. Áirítear na réimsí seo a leanas mar phríomhréimsí oibre an chomhlachta: luathfhorbairt an linbh, an réimse oideachais, an óige, cúrsaí nuatheicneolaíochta,

cumarsáid agus oideachas fadsaoil pobail. I gcomhar leis an Údarás, cuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, SOLAS agus POBAL foinsí maoinithe eile ar fáil do réimsí éagsúla tionscadail atá á n-eagrú aige.

### *Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR.*

Is é Comhar Naíonraí na Gaeltachta CTR. (CNNG) an eagraíocht is mó sa tír a chuireann seirbhísí luathbhlianta ar fáil, i mBéarla nó i nGaeilge, is cuma pobail nó príobháideach. Gníomhaíonn CNNG i ngach ceantar Gaeltachta sa tír agus oibríonn an eagraíocht lámh ar lámh leis na pobail Ghaeltachta. Is struchtúr neamhspleách é Comhar Naíonraí na Gaeltachta a fhaigheann maoiniú ó Údarás na Gaeltachta, chun seirbhís

bainistíochta agus riaracháin a chur ar fáil do na seirbhísí luathbhlianta Gaeltachta atá ag feidhmiú trí Ghaeilge sa Ghaeltacht. Cuireann an Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, chomh maith leis an Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta, maoiniú ar fáil faoi na scéimeanna éagsúla luathbhlianta. Tá ceanncheathrú CNNG lonnaithe ar an gCeathrú Rua i nGaeltacht na Gaillimhe. Tá oifig réigiúin Dhún na nGall ag freastal ar an tuaisceart, oifig i Maigh Eo ag freastal ar Mhaigh Eo agus ar thuaisceart agus ar oirthear na Gaillimhe, agus oifig i bPort Láirge ag freastal ar Chúige Mumhan. Déantar freastal ar Ghaeltacht Chonamara agus na Mí ón gceanncheathrú.

Ceapadh Bainisteoir nua ar CNNG in 2019, Ray Mac Pháidín, nuair a d'éirigh Mairéad Mac Con Iomaire agus í ina Bainisteoir ó bunaíodh an eagraíocht.





Gaeltacht na Gaillimhe

Is i gContae na Gaillimhe is mó a cruthaíodh poist i gcliantchomhlachtaí a fhaigheann tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta i 2019, agus tá an leibhéal fostaíochta anois ag an leibhéal is airde ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980. Cruthaíodh 227 post i nGaeltacht na Gaillimhe i 2019, nó 38% de na poist ar fad a cruthaíodh ar fud na tíre. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, glanmhéadú de 112 post ar an mbliain roimhe a bhí sa chontae, rud a chiallaigh go raibh 3,090 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh 2019.

Cruthaíodh poist nua i rith na bliana i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú i réimse leathan earnálacha: feistí leighis, saindeántúsaíocht, scannánaíocht/teilifís, seirbhísí agus earnáil na mara, ina measc Aran Biomedical, Munlaí Leighis Advant Teo, Fintrax Group Holdings Ltd, Stiúideo Telegael Teo., Eo Teilifís Teo., Fíbin Teo agus Bradán Beo Teo. Bhí roinnt laghduithe post sna hearnálacha próiseála éisc, mara, bia & deoch, bogearraí, ríomhaireachta agus déantúsaíochta.

### **Saotharlann Chonamara Teo (Complete Laboratory Solutions (CLS))**

Tá Saotharlann Chonamara Teo (Complete Laboratory Solutions (CLS)) ag ceiliúradh 25 bliain i mbun gnó i 2019 agus d'fhógair siad mar chuid den cheiliúradh go raibh siad ag cruthú 100 post thar an dá bhliain seo romhainn i gcroílár Ghaeltacht na Gaillimhe agus i gCathair na Gaillimhe. Bunaithe le tacaíocht Údarás na Gaeltachta in Ionad Fiontraíochta Ros Muc i 1994, tá fás agus bláthú as cuimse tagtha ar Shaotharlann Chonamara Teo. faoi stiúir Evelyn O'Toole, bunaitheoir agus príomhfheidhmeannach an chomhlachta. D'oscail siad CLS MedPharma i gCathair na Gaillimhe le tacaíocht ó Fhiontraíocht Éireann i 2008. Beidh 18 céimithe eolaíochta comhshaoil agus micribhitheolaithe bia á bhfostú ag seirbhísí uisce agus comhshaoil Shaotharlann Chonamara i Ros Muc le cur leis an 45 duine atá fostaíthe san áis Ghaeltachta cheanna féin. Cuireann Saotharlann Chonamara, an tsaotharlann chonartha is mó sa tír atá in úinéireacht phríobháideach, seirbhísí samplála, tástála, anailísí ar chonradh agus torthaí bainistithe ardchaighdeán ar fáil do chliant sna hearnálacha bia, comhshaoil, táirgí leighis agus cógaisíochta.

### **Páirc na Mara**

Tá dul chun cinn suntasach déanta ar fhorbairt Pháirc na Mara le bliain anuas. I 2019, bhí 26 léiriú spéise faighte ag an eagrais ó chomhlachtaí a bhfuil suim acu

a ngnóthaí a lonnú i bPáirc na Mara agus as sin tá plé déanta le hinfheisteoirí príobháideacha faoina gcuid riachtanas forbartha féin. Chomh maith leis sin, tá plé déanta le hinnealtóirí/ailtirí faoi leagan amach na Páirce agus réamhobair riachtanach ó thaobh pleanála de – cúrsaí timpeallachta, soláthar uisce, córas eisiltigh, rl. – ullmhaithe. Bhí cruinniú poiblí i dtaca leis an tuairisc scóipe timpeallachta i gCill Chiaráin ag tús mhí na Nollag 2019 agus is léir go bhfuil tacaíocht láidir le fáil ó mhuintir an cheantair i leith na forbartha seo.

D'eagraigh an tÚdarás imeachtaí ar leith bunaithe ar an togra, ar nós Lá Mara agus Lá Fuinnimh 2019. Táthar ag súil go mbeidh iarratas pleanála do mhórtoghra Pháirc na Mara réidh sa chéad leath de 2020. Beidh forbairt Pháirc na Mara ar cheann de na príomhthograí forbartha a mbeifear ag tabhairt faoi sna blianta amach romhainn.

### **Plean Gnímh 5 Bliana Iorras Aithneach**

Tá Oifigeach Tionscnaimh, i gcomhar le Coiste Comhairleach agus Monatóireachta ag cur Plean Gnímh 5 Bliana Iorras Aithneach i bhfeidhm agus tá dul chun cinn á dhéanamh ar an bplean ó seoladh é i dtús 2019. Osclaíodh i 2019 an mol digiteach gteic@Carna, agus fostaíodh Oifigeach Pleanála Teanga, Oifigeach PT Cúnta, Bainisteoir ar Chomharchumann Sliogéisc Chonamara agus Oifigeach Óige le Muintearas. I gcúrsaí oideachais agus óige, i gcomhar le heagraíochtaí eile, tá Seimeastar Gaeltachta in Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge, Cúrsaí Oilíúna Muirshaothraithe agus eile curtha i bhfeidhm.

### **gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta i gConamara**

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta soláthar caipitil chun mol digiteach gteic agus ionad nuálaíochta óige a bhunú i gCeantar na nOileán i gConamara. Is i bhfoirgneamh Muintearas Teoranta ar Pháirc Ghnó Thír an Fhia, Leitir Móir a bheidh an t-ionad de thart ar 199 méadar cearnach lonnaithe agus forbrófar ionad nuálaíochta óige i gcomhar le TechSpace, an Roinn, Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus Muintearas. Is tionscnamh náisiúnta é TechSpace a thugann deiseanna do dhaoine óga a bheith cruthaitheach in úsáid na teicneolaíochta. Beidh suas le 12 spás oibre ar fáil i gteic@Ceantar na nOileán agus beidh fáil ar áiseanna cruinnithe, ceantín agus fáiltithe. Is iad Muintearas Teo a bheidh ag bainistiú an aonaid thar ceann Údarás na Gaeltachta.

Tá forbairt déanta chomh maith ar an gteic atá ar

eastáit Charna a bhfuil dhá oifig, le ceithre dheasc iontu, ar fáil san ionad. Tá an gteic ar an gCeathrú Rua, faoi stiúir Chomharchumann Mhic Dara, ag feidhmiú go láidir.

### **Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe**

Cuireadh maoiniú iomlán de €826,500 ar fáil do 12 eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail i 2019 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme. Tá na heagrais phobail ag riar agus ag bainistiú scéimeanna agus tograí pobail ar fud na Gaeltachta, agus iad ag cur tograí chun cinn i gcomhthéacs Phlean Straitéiseach Údarás na Gaeltachta.

### **Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta**

Bhí 385 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht na Gaillimhe ag deireadh na bliana. 186 duine a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 139 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, 44 ar Scéim Tús agus 16 ar Scéim Tús Nua. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú ag 20 Saoiste agus á riar ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### **Fuinneamh in-athnuaite sa phobal**

Bhí foireann an Údaráis in ann tacaíocht a thabhairt do dhá Chomharchumann i bhforbairt tograí maidir le fuinneamh na gréine. Tá Comharchumann Mhic Dara tar éis cead pleanála a fháil le feirm ghréine 160kw a fhorbairt ar an eastáit tionscalaíochta ar an gCeathrú Rua. Tá sé seo mar chuid de mórphean eastáit tionscalaíochta saor ó charbón a chruthú. Beidh pointí luchtaithe do chairr leictreacha mar chuid den togra seo.

### **Ionad Turasóireachta**

Tá an chéad chéim i bhforbairt Ionad Feamainne Leitir Mealláin oscailte don phobal, áit bhfuil áis ag cuairteoirí le breathnú ar stair na feamainne sa cheantar agus tuiscint a fháil ar na plandaí fíorshuimiúla seo. Tá an-obair déanta ag Comhar Chuigéil ar an togra go dtí seo agus déanfar níos mó forbartha ar an ionad i 2020. Thosaigh oifigeach turasóireachta ag obair san ionad i mbliana chomh maith.

Anuas air sin, rinneadh forbairt i 2019 ag Ionad na nImirceach i gCarna, áit a bhfuil oifigeach turasóireachta fostaithe, agus obair chomhairleoireachta déanta i gcaitheamh na bliana maidir leis an togra a fhorbairt a thuilleadh ó thaobh na turasóireachta de.

### **Pleanáil Teanga**

Ceadáíodh allúntas de €100,000 do Chomhairle Ceantar na nOileán atá ag feidhmiú mar Cheanneagraíocht Pleanála Teanga i limistéar pleanála teanga Cheantar na nOileán. Tá an maoiniú á cheadú chun tacú leis an gceanneagraíocht an plean teanga a ceadáíodh le gairid a chur i bhfeidhm. Cuireann An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta soláthar maoinithe ar fáil d'Údarás na Gaeltachta le cur ar a chumas an próiseas pleanála teanga a chur i bhfeidhm sa Ghaeltacht. As an soláthar sin cuireann an tÚdarás maoiniú ar fáil do Cheanneagraíochtaí atá i mbun pleananna teanga a fheidhmiú sna Limistéir Pleanála Teanga (LPT) agus sna Bailte Seirbhíse Gaeltachta (BSG) atá faoina chúram.

Seoladh an plean teanga do Chonamara Láir, an Limistéar Pleanála Teanga ina bhfuil ceantar Iorras Aithneach, i Ros Muc ar an 20 Meán Fómhair 2019. Tá Oifigeach Pleanála Teanga agus Oifigeach Cúnta fostaithe chun an plean a chur i bhfeidhm i gcomhar le FCL Teo agus coistí áitiúla eile sa cheantar.



Gaeltacht Mhaigh Eo

Cruthaíodh 41 post nua i nGaeltacht Mhaigh Eo i 2019. Bhí glanmhéadú de 18 post ann ar an mbliain roimhe sin a chiallaigh go bhfuil 675 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. Cruthaíodh poist nua i roinnt comhlachtaí ar nós Turasóireacht Iorrais Teo, Innealtóirí Cairte Uí Mhaolala Teo agus Eachtraí Uisce Teo. Is i réimsí Seirbhísí Teicneolaíochta an Eolais, Déantúsaíochta agus Turasóireachta is mó a raibh forbairt le sonrú.

I rith 2019, cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tograí nua ina mbeidh 45 post ag teacht chun cinn i nGaeltacht Mhaigh Eo amach anseo, i gcomhlachtaí atá ann cheana féin agus i gcomhlachtaí nua atá á mbunú. Tá infheistíocht iomlán de €2.08 milliún beartaithe do na tograí seo agus iad faoi lán seoil.

### **Áras Scéalta an Atlantaigh**

Fáiltíodh roimh mhaoiniú de €1.87m ón gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) do thogra suntasach turasóireachta i nGaeltacht Mhaigh Eo. Beidh 'Áras Scéalta an Atlantaigh' mar phríomhionad treoraithe ag cuairteoirí ar Leithinis Iorrais i nGaeltacht Mhaigh Eo Thuaidh áit a bhfaighidh siad gach eolas ar oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha an cheantair. Meastar go mbeidh turais ar Theach Solais an Fhóid Dhuibh agus turais eile ar an gceantar ar bharr liosta na mílte turasóir nuair a bheidh an t-ionad nua ar an Eachléim i mbun feidhme.

Tá costas de €2.5m luaithe leis an togra ina iomláine le maoiniú ceadaithe ag leibhéal tacaíochta 75% faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus an fuilleach á mhaoiniú ag Údarás na Gaeltachta. Ceadóidh an togra méadú de 600m<sup>2</sup> a chur le hIonad Deirbhíle – ionad turasóireachta agus oidhreachta atá forbartha ag Comharchumann Forbartha Ionad Deirbhíle i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta agus an Roinn Cultúir, Oidhreachta & Gaeltachta.

### ***gteic@BéalanMhuirthead***

Rinneadh dul chun cinn suntasach i gteic@BéalanMhuirthead i rith 2019. Beidh acmhainn bhreise á forbairt do ghréasán gteic i nGaeltacht Mhaigh Eo, a bhuíochas do mhaoiniú atá ceadaithe faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe do shraith tograí i Maigh Eo. I 2018 cheadaíodh €795,000 chun 8 nIonad Nuálaíochta/Mol Digiteach/Láthair Barrfeabhais a fhorbairt i nGaeltacht Mhaigh Eo, mar atá Béal an Mhuirthead, An Eachléim, Gaoth Sáile, Acaill agus Tuar Mhic Éadaigh. Rinneadh forbairt mhór ar na hionaid seo i rith 2019 agus beidh súil go mbeidh siad á n-oscailt don phobal go luath i 2020. Cuirfidh na

tograí seo go mór leis na deiseanna a bheidh ar fáil ag na pobail tuaithe sna ceantair seo a dhul i mbun oibre ina gceantair féin nó do Diaspóra na Gaeltachta filleadh ar a gceantair dhúchais. Beidh tionchar mór ag an maoiniú atá ceadaithe ar shaol na bpobal seo agus tá sé lánach dár straitéis deiseanna cian-oibríthe a chur ar fáil sa Ghaeltacht. Tá ag éirí go maith leis an éiceachóras digiteach gteic atá á bhunú daoine a mhealladh ar ais chun na Gaeltachta.

### ***Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe***

Cuireadh maoiniú iomlán de €255,000 ar fáil do cheithre eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail i 2019 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme. Tá na heagrais phobail ag riar agus ag bainistiú scéimeanna agus tograí pobail ar fud na Gaeltachta.

### ***Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta***

Bhí 247 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Mhaigh Eo ag deireadh na bliana. 40 duine a bhí ar an Scéim Fostaíochta Pobail, 162 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe agus 45 ar Scéim Tús. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú ag 11 Saoiste, á riar ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### ***Pleanáil Teanga***

Ceapadh Oifigeach Pleanála Teanga nua, an Dr. Laoise Ní Dhúda, ar Limistéar Pleanála Teanga Mhaigh Eo Thuaidh i mí Feabhra 2019. I measc na ngníomhartha a baineadh amach ó thaobh na pleanála teanga de i Maigh Eo Thuaidh, cuireadh tús le feachtas nua "Úsáid Í agus Mairfidh Sí," agus scaipeadh leabhrán eolais ar chuile theaghlach sa cheantar, ag déanamh cur síos ar an bplean teanga agus ar na deiseanna a bhaineann leis an Ghaeilge.





Gaeltacht na Mí

210 post lánaimseartha a bhí i gcliantchomhlachtaí an Údarás i nGaeltacht na Mí ag deireadh na bliana 2019. Nuair a thógtar líon na bpost a cailleadh san áireamh, glanmheadú de 32 post ar an mbliain roimhe a bhí sa chontae.

Ábhar dóchais ab é do Ghaeltacht na Mí gur cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta tacaíocht do thograí a mbeidh 39 post agus infheistíocht de €4.83m i gceist leo nuair a bheidh siad faoi lán seoil. Baineann formhór na bpost ceadaithe leis an gcomhlacht Turmec atá lonnaithe i Ráth Chairn agus Novelplast i mBaile Ghib. Saineolaithe i gcúrsaí athchúrsála iad Turmec Teo. a bhfuil roinnt blianta rathúla curtha díobh acu agus margáí nua idirnáisiúnta aimsithe acu dá dtáirgí móra innealtóireachta, agus tá tús láidir curtha ag Novelplast lena ngnó táirgíochta ábhar plaisteach.

### **Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí**

Bunaíodh an Fóram Fiontraíochta do Ghaeltacht na Mí mar ghrúpa gnímh fiontraíochta chun fócas nua a thabhairt do bhunú Ráth Chairn/Baile Ghib, ceantar Gaeltachta atá gar do Bhaile Átha Cliath, mar cheantar iomaíoch den scoth i gcruthú fostaíochta. Sheol Príomh-Aoire an Rialtais agus an tAire Stáit don Ghaeilge, don Ghaeltacht agus do na hOileáin, Séan Kyne TD., Tuairisc Fhóram Fiontraíochta ag tús mhí na Nollag. Tá sé mar sprioc ag an Tuairisc fócas nua a dhíriú ar chreatlach a fhorbairt chun Ráth Chairn/Baile Ghib a thógáil, a fhorbairt mar réigiún iomaíoch agus rathúil do chruthú post. I measc na bpríomhmholtaí atá leagtha amach ag an tuairisc tá:

- spás fiontraíochta a fhorbairt, go háirithe mol nuálaíochta agus digiteach gteic mar chuid de ‘Gréasán Digiteach na Gaeltachta’ (gteic) Údarás na Gaeltachta chun freastal ar fhiontraithe, lucht nuálaíochta, forbróirí coincheapa, comhlachtaí nua-thionscanta agus cianoibrithe go háirithe;
- plean agus táirgí saincheaptha turasóireachta cultúrtha/teangeolaíoch a fhorbairt, tacú leo agus a chur chun cinn do Ghaeltacht na Mí, i gcomhar le soláthraithe áitiúla, Comhairle Chontae na Mí, Fáilte Éireann agus gníomhaireachtaí réigiúnacha cuí;
- leanúint leis an gcumarsáid le fostóirí (reatha agus amach anseo) ó thaobh iniúchtaí cuimsitheacha scileanna a dhéanamh d’fhonn aon riachtanas reatha scileanna a dheimhniú agus achoimre a dhéanamh ar riachtanais scileanna amach anseo chun go gcuirfí cúrsaí oiriúnacha oiliúna ar fáil chun an soláthar scileanna oiriúnacha sa cheantar a chur ar fáil;

- cur le próifíl Ghaeltacht na Mí, mar áit chun gnó a lonnú agus a fhorbairt ann d’fhonn fiontraithe/fiontair i mbun leathnaithe a mhealladh ann chun a ngnóthaí a bhunú agus a fhorbairt, agus dá réir 60 post breise a chruthú thar 3 bliana (2019–2022);
- Tionól Forbartha Pobail do Ghaeltacht na Mí a bhunú chun tacú leis na grúpaí éagsúla pobail i nGaeltacht na Mí.

### **Pleanáil Teanga**

Seoladh an Plean Teanga do Limistéar Pleanála Teanga Ráth Chairn agus Baile Ghib i rith 2019. Is iad Comharchumann Ráth Chairn Teo. an Cheanneagraíocht a bheidh i mbun feidhmithe ar an bplean agus tá Oifigeach Pleanála Teanga ceaptha chun tacú leo an obair thábhachtach seo a chur i gcrích. Tá buiséad de €100,000 sa bhliain ceadaithe d’fheidhmiú an phlean teanga.

### **Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe**

Cuireadh maoiniú iomlán de €68,500 ar fáil d’eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail i 2019 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantar feidhme.



Gaeltacht Dhún na nGall

Cruthaíodh 191 post nua i nGaeltacht Dhún na nGall i rith 2019. Nuair a chuirtear an líon post a cailleadh san áireamh, bhí glanmhéadú de 48 post i gceist, rud a chiallaigh go raibh 2326 post i gcliantchomhlachtaí an Údaráis ag deireadh na bliana, an líon is airde post ó 2008. I measc na gcomhlachtaí ar fud Ghaeltacht Dhún na nGall inar cruthaíodh poist i 2019, bhí Arán Ard Teo., Kombucha Éireannach Teo., Fáisc Miotail Teo., R.A. Pacáistí Teo. Mar is léir anseo, bhí méaduithe fostaíochta i réimse leathan earnálacha agus i gcomhlachtaí de mhéideanna éagsúla.

### **Tograí Nua**

Cheadaigh Bord Údarás na Gaeltachta líon tograí nua do Ghaeltacht Dhún na nGall i rith 2019 ina mbeidh 171 post nua á gcruthú agus infheistíocht iomlán d'ós cionn €8.47 milliún beartaithe nuair a bheidh na tograí sin faoi lán seoil.

### **Scéim na gComharchumann agus na nEagras Pobalbhunaithe**

Cuireadh maoiniú iomlán €685,000 ar fáil do dheich n-eagras faoin gClár Forbartha Pobail i 2019 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Bunaíodh comhlacht pobalbhunaithe úr i gceantar Fhánada - Comhar Fhánada agus Gleann Bhairr CTR – i gcomhar le coistí forbartha an cheantair ag deireadh 2019. Beidh an comhlacht úr ag dul i mbun gnó i 2020 le tacaíocht an Údaráis.

### **Scéimeanna Fostaíochta**

Bhí 305 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Dhún na nGall ag deireadh na bliana le 134 ar an Scéim Shóisialta Tuaithe, 11 ar Tús Nua, 117 ar an Scéim Fostaíochta Pobail agus 43 ar Scéim TÚS. Tá na scéimeanna á riar ag an Údarás agus á maoiniú ag an Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí.

### **Clár LEADER**

Cheadaíodh 15 togra faoi Chlár Leader an Údaráis i 2019 ar luach deontais €1.145m. Cheadaíodh tionscadail faoi théamaí Leathanbhanda, Turasóireacht Thuaithe, Seirbhísí dírithe ar Phobail Imeachacha, Timpeallacht, Forbairt na Fiontraíochta agus Bailte Tuaithe. Beidh infheistíocht d'ós cionn €1.603m ag baint leis na tionscadail sin nuair atá siad faoi lán seoil.

### **gteic – Gréasán Digiteach na Gaeltachta**


Leanadh le clár oibre forbartha ar Ghreasán na Mol Digiteach le linn 2019. Cuirfidh na moil dhigiteacha seo líonra bríomhar d'áiseanna leathanbhanda ardluais ar fáil i gceantair thuaithe Ghaeltachta chun fostaíocht a chruthú, cuidiú le cianobair, filleadh Dhiaspóra na Gaeltachta a spreagadh agus a chumasú mar aon le forbairt choincheapa agus ghnó nua a éascú. Cuireadh tús le fás agus forbairt gteic@GaothDobhair i rith 2019 mar thoradh ar an mhaoiniú €1.5m a ceadaíodh don Údarás faoin Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe i 2018. Beidh spás 1,725 méadar cearnach breise le spás oibre/oifigí nua agus áiseanna gaolmhara á gcur ar fáil ar an dara urlár san fhoirgneamh mar chuid den fhorbairt. Tá plé leanúnach ar siúl le coistí/eagraíochtaí forbartha pobail áitiúla agus céimeanna á nglacadh moil dhigiteacha a fhorbairt faoi ghréasán gteic ar an Tearmann, i Ros Guill, i gCill Charthaigh, in Árainn Mhóir, i mBaile na Finne, ar an Chlochán Liath agus ar Thoraigh. Táthar ag súil go mbeidh na moil dhigiteacha i mbun gnó roimh dheireadh 2020.

### **Togra Diaspóra**

Tugadh faoi mhisean trádála go Baile Laobhainn agus go Dún Éideann na hAlban i gcomhpháirtíocht le Cumann Tráchtála Lodainn agus Comhlachais Thráchtála na hAlban ag tús mhí Aibreáin. Bhí ionadaithe ó Údarás na Gaeltachta, An Roinn Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta agus cliantchomhlachtaí an Údaráis mar chuid den toscaireacht a d'eascair as nasc a cruthaíodh le West Lothian Chamber of Commerce agus an Scottish Chamber of Commerce i rith turais eolais i nDún na nGall i 2018. Chuir an misean trádála seo go mór le próifíl chomhlachtaí Ghaeltachta in Albain agus sa Ríocht Aontaithe trí chruinnithe aonarachacha le comhlachtaí Albanacha, trí chuirteanna suímh agus trí chur i láthair ó Fhorbairt Lodainn Thiar faoi na tionscadail eacnamaíochta áitiúla atá idir lámha acu.

### **Próiseas áisitheoireachta pobail**

Cuireadh próiseas áisitheoireachta pobail i gcrích i bparóiste Gaoth Dobhair i gcomhar le heagraíochtaí forbartha an cheantair le linn na bliana. Táthar ag súil go n-ullmhófar plean forbartha don cheantar i 2020 mar thoradh ar an phróiseas áisitheoireachta seo.



### ***Taighde - Ionad Óige & Oideachais***

Cuireadh tús le próiseas comhairleoireachta maidir le taighde a dhéanamh ar an éileamh, na riachtanais agus na féidearthachtaí le hIonad Óige/Oideachais/Cultúrtha & Spóirt a thógáil/a fhorbairt ar Pháirc Ghnó Ghaoth Dobhair agus cás gnó a ullmhú ina leith (más ann dó) le linn na bliana.

### ***An Phleanáil Teanga***

Le linn 2019, ceadaíodh pleananna teanga do Limistéir Pleanála Teanga (LPT) Thuaisceart Dhún na nGall agus do LPT Dhún na nGall Theas, gné a fhágann go raibh 5 phlean teanga ceadaithe faoi dheireadh na bliana sin. Cuireadh tús le feidhmiú Phlean Teanga LPT Árainn Mhóir agus fostaíocht an Oifigigh Phleanála Teanga (OPT) i mí Mheán Fómhair. Fostaíodh OPT Cúnta sa Mhárta i LPT Ghaoth Dobhair & Íochtar na Rosann. Cuireadh Plean Teanga LPT na Rosann faoi bhráid na Roinne agus ullmhaíodh dréachtphlean teanga do LPT Thoraí. Ceapadh Comhairleoirí Pleanála Teanga do LPT na Gaeltachta Láir agus do Bhaile Seirbhíse Gaeltachta An Chlocháin Léith le pleananna a ullmhú. Tá infheistíocht €540,000 sa bhliain ceadaithe d'fheidhmiú na bpleananna sin idir na cúig LPT. Beidh Plean Teanga LPT na Rosann á cheadú go luath i 2020 agus beidh Oifigigh Phleanála Teanga ag dul i mbun oibre i LPT Thuaisceart Dhún na nGall agus fosta i LPT Dhún na nGall Theas.



# Gaeltacht Chiarraí

Cruthaíodh 53 post nua i nGaeltacht Chiarraí i 2019. Cruthaíodh na poist nua seo i gcomhlachtaí atá ag feidhmiú in earnáil na bia & dí agus san earnáil turasóireachta den chuid is mó. Bhí roinnt laghduithe fostaíochta i gcomhlachtaí próiseála éisc agus bhí laghdú fostaíochta i roinnt comhlachtaí beaga i réimse na déantúsaíochta agus ceardaíochta mar aon le bia & dí i rith na bliana.

Chiallaigh na laghduithe fostaíochta sin gur glanmhéadú de 6 phost san iomlán a bhí i gceist i 2019. Bhí 695 post lánaimseartha, dá bhrí sin, i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana.

Is ábhar dóchais don todhchaí é gur ceadaiódh líon tograí i rith na bliana ina mbeidh 27 post nua á gcruthú agus infheistíocht iomlán €1.9 milliún á déanamh iontu nuair atá na forbairtí beartaithe faoi lán seoil. Is in earnálacha bia & dí, turasóireachta agus seirbhísí teicneolaíocht an eolais is mó a bheidh na tograí bunaithe.

As an 40 togra a ceadaiódh, bhí 6 thogra ó phríomhaithe nua agus 34 ó chliant sheanbhunaithe.

## **Seanospidéal an Daingin**

D'éirigh leis an Údarás maoiniú seachtrach €415,000 a aimsiú faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun máistirphlean a chur le chéile don togra seo. Tá dul chun cinn maith déanta le gairid agus Pádraig Ó Laoithe ag feidhmiú mar Bhainisteoir Tionscnaimh ón 16ú Nollaig 2019.

## **gteic - Gréasán Digiteach na Gaeltachta**

Rinneadh aonad a athchóiriú mar gteic @Baile an Sceilg i rith na bliana. Tá spás do 6 oibrí sa spás seo agus é in úsáid ag beirt cheana féin. Tá sé aontaithe le Comhchoiste Gaeltachta Uíbh Ráthaigh go ndéanfaidh siad é a bhainistiú.

Rinneadh Aonad a athchóiriú mar gteic @Páirc Ghnó an Daingin ag deireadh na bliana. Tá spás do 18 oibrí anseo agus é in úsáid ag cúigear i láthair na huaire.



## **Tascfhórsa Uíbh Ráthaigh**

Sheol Micheál Ó hÉanaigh, Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta Gníomhphlean an Tascfhórsa go hoifigiúil ar an 22 Iúil 2019 ag ócáid ar láthair Sheacláidí na Sceilge, Baile an Sceilg. Toradh é seo ar obair dhá bhliain ag baill de chuid an Tascfhórsa: eagrais treas-earnálach a bunaíodh i Meán Fómhair 2017 faoi chathaoirleacht Údarás na Gaeltachta chun díriú ar na dúshláin shocheacnamaíochta agus daonra i gceantar Gaeltachta Uíbh Ráthaigh agus a chomharsanacht.

Le linn na bliana, ceadaíodh deontas €174,351 d'Údarás na Gaeltachta tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun Bainisteoir Tionscnaimh a cheapadh agus costais eile ghaolmhara a chlúdach. Ceapadh Bainisteoir Tionscnaimh páirtaimseartha i mí Iúil, 2019 chun comhordú a dhéanamh ar obair an Tascfhórsa. Agus obair an Tascfhórsa ag bogadh ó chéim phleanála go céim chur i bhfeidhm, bunaíodh coiste stiúrtha de réir an mhúnla a bhí leagtha amach sa Ghníomhphlean féin. Tá fiche eagrais páirteach sa ghrúpa seo agus é ag feidhmiú faoi chathaoirleacht Údarás na Gaeltachta.

## **Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta**

Bhí 72 duine fostaithe ar scéimeanna fostaíochta sóisialta i nGaeltacht Chiarraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riar ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

## **Pleanáil Teanga**

Fostaíodh ceathrar breise i réimse na Pleanála Teanga i gCúige Mumhan le linn 2019.

- John Prendergast agus Cristín de Mórdha mar Oifigigh Pleanála Teanga i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Thiar.
- Victor Bayda mar Phleanálaí Teanga i Limistéar Pleanála Teanga Chiarraí Theas, agus Micheál Ó Se mar Oifigeach Oideachais i gcomhar le Bord Oideachais agus Oiliúna Chiarraí i gCiarraí Theas chomh maith.

Sheol an tAire Seán Kyne Plean Teanga Chiarraí Theas go hoifigiúil ar an 15 Samhain agus cuireadh achoimre den Phlean Teanga os comhair an phobail. Reáchtáladh ócáid an-speisialta ar an 10 Nollag nuair a thug an Taoiseach Leo Varadkar cuireadh do na hOifigigh Pleanála freastal ar Thithe an Rialtais i mBaile Átha Cliath chun cuntas a thabhairt ar an obair atá ar bun acu agus ar an dul chun cinn atá á dhéanamh i

bhfeidhmiú na bPleananna Teanga.

Tá Plean Teanga Bhaile Seirbhíse Gaeltachta Dhaingean Uí Chúis réitithe agus seolta faoi bhráid Roinn na Gaeltachta le faomhadh.

## **Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe**

Cuireadh maoiniú iomlán de €311,000 ar fáil do cheithre eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail i 2019 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.





Gaeltacht Chorcaí

Cruthaíodh 41 post nua i nGaeltacht Chorcaí i 2019. Nuair a thógtar an líon post a cailleadh san áireamh, níl aon ghlanmhéadú post i gceist, ach tá ardú 21% tagtha ar an méid fostaíochta ann le sé bliana. Bhí 699 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Chorcaí ag deireadh na bliana. Ceadaíodh líon tograí i rith na bliana 2019 ina mbeidh 45 post á gcruthú agus infheistíocht de €8.3 milliún á déanamh nuair atá na forbairtí beartaithe sin faoi lán seoil. Is sna hearnálacha bia agus innealtóireachta/déantúsaíochta atá na príomhfhorbairtí atá beartaithe.

### ***gteic Gréasán Digiteach na Gaeltachta***

Is i mBéal Átha an Ghaorthaidh a osclaíodh an chéad ionad nuálaíochta & mol digiteach den ghréasán gteic i nGaeltacht Chorcaí. Rinneadh an obair a chríochnú ar GTeic @Béal Átha an Ghaorthaidh ag tús na bliana agus aontaíodh conradh bainistíochta le Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. chun an t-aonad a rith. Tá spás do 22 oibrí san aonad seo agus ochtar ag baint úsáid as i láthair na huaire.

Tá se i gceist gteic a mbeidh suas le 75 spás oibre a fhorbairt i gColáiste Íosagáin agus rinneadh iarratas ar mhaoiniú don fhorbairt seo faoin scéim REDF.

### ***Coláiste Íosagáin, Múscraí***

Le linn na bliana 2019, ceadaíodh €180,000 d'Údarás na Gaeltachta tríd an gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe chun ollphlean a ullmhú do Choláiste Íosagáin agus na tailte móra timpeall na seanscoile sin i nGaeltacht Mhúscraí.

Beidh ról lárnach ag réimse leathan páirtithe leasmhara sa togra seo:

- Bord Oiliúna agus Oideachais Chorcaí
- Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Comharchumann Forbartha Mhúscraí
- Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
- Údarás na Gaeltachta

### ***Scéimeanna Fostaíochta Sóisialta***

Bhí 19 duine fostaithe ar scéimeanna sóisialta tuaithe i nGaeltacht Mhúscraí ag deireadh na bliana. Tá na scéimeanna seo á mbainistiú agus á riar ag an Údarás agus tá siad á maoiniú ag an Roinn Coimirce Sóisialaí.

### ***Pleanáil Teanga***

Is é Comharchumann Forbartha Mhúscraí Teo. a bhí i mbun ullmhúcháin ar an bplean teanga do Limistéar Pleanála Teanga (LPT) Mhúscraí. Is é Comharchumann Chléire Teo. atá ag bainistiú Plean Teanga do LPT Chléire agus tá an obair maidir leis an bplean teanga sin ag teacht chun críche.

### ***Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe***

Cuireadh maoiniú iomlán de €166,000 ar fáil do dhá eagraíocht faoin gClár Forbartha Pobail i 2019 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.



# Gaeltacht Phort Láirge



Tá an leibhéal fostaíochta i nGaeltacht Phort Láirge ag an leibhéal is airde ó bunaíodh Údarás na Gaeltachta i 1980, áit ar cruthaíodh 4 phost nua le linn na bliana. Bhí 149 post lánaimseartha i gcliantchomhlachtaí an Údaráis i nGaeltacht Phort Láirge ag deireadh na bliana. Is i réimsí na déantúsaíochta is mó a bhí na méaduithe post.

Thosaigh comhlacht amháin nua i nGaeltacht Phort Láirge i rith 2019 agus bhí ceithre thogra ó chliant sheanbhunaithe le linn na bliana.

### **Aonad Pobail agus Gnó**

Tá plé ar siúl le Comhlacht Forbartha na nDéise faoi aonad pobail agus gnó a fhorbairt ar shuíomh an Údaráis i mBaile na nGall. Bheadh sé i gceist go mbeadh gteic mar chuid den fhorbairt seo.

### **Pleanáil Teanga**

Is é Comhlucht Forbartha na nDéise Teo. an cheanneagraíocht a réitigh plean teanga do LPT na nDéise agus tá tús curtha le feidhmiú an phlean.

### **Scéim na gComharchumann agus Eagraíochtaí Pobalbhunaithe**

Cuireadh maoiniú iomlán de €64,000 ar fáil d'eagraíocht amháin faoin gClár Forbartha Pobail i 2019 a chuir cláir oibre forbartha pobail aontaithe i gcrích dá réir. Cuireann siad seirbhísí tábhachtacha áitiúla ar fáil, déanann comhordú ar ghníomhaíochtaí forbartha pobail agus cuireann seirbhís chomhairleach ar fáil don earnáil dheonach ina gceantair feidhme.

 *Údarás na Gaeltachta*

